

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers

Lá Ceannaireachta

Tuairisciú
Leanúnach i
gcomhair teagasc
agus foghlaim
éifeachtach - Lá 2

Fómhar 2018



Loga Foghlama

Gluais na dTearmaí

Próifil Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (An Chreat, Ich. 48) I pGSS tabharfar aitheantas don ghnóthachtáil thar achair uile na foghlama de réir mar a oireann Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid tosaíochta foghlama, Achair foghlama eile.

Beidh eilimintí uile an mheasúnaithe mar bhonn tagartha agus tuairiscithe don ghnóthachtáil ar a n-áirítear measúnú foirmitheach, leanúnach, Measúnuithe Rangbhunaithe agus gráid CSS ar a n-áirítear torthaí ó na scrúduithe stát-theistithe agus ó na Tascanna Measúnachta.

Beidh formáid a chinnfear go náisiúnta ag PGSS. Beidh sé curtha le chéile ag an scoil agus faighte ag na scoláirí san Fhómhar i ndiaidh na tríú bliana, nuair a bhíonn torthaí uile an mheasúnaithe ó CSS agus ón scoil ar fáil agus deimhnithe.

Cuspóirí foghlama agus Torthaí foghlama: (Gluais an CNCM)

Cuspóirí foghlama: Is éard is cuspóir foghlama le haghaidh ceachta nó sraith ceachtanna ná ráiteas, a chruthaíonn an múinteoir, ina ndéantar cur síos go soiléir ar cad is mian leis an múinteoir a bheadh ar eolas ag an scoláire, a thuigfeadh sé agus a bheadh sé in ann a dhéanamh mar thoradh ar na gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.

Torthaí foghlama: Is ráitis iad na torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a dhéanann cur síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ba chóir do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh tréimhse foghlama.

Critéir rathúlachta; (Gluais an CNCM) Tá critéir rathúlachta nasctha le cuspóirí foghlama. Forbraíonn an múinteoir agus/nó an scoláire iad agus déantar cur síos ar rath agus cad atá i gceist leis. Cuidíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnais a dhéanamh faoi cháilíocht foghlaim an scoláire.

Measúnú Foirmitheach: (An Chreat, Ich. 31-32) Beidh an tSraith Shóisearach bonntacaithe ag comhtháthú breise ar mheasúnú foirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den foghlaim sa seomra ranga. Baineann measúnú foirmitheach le machnamh múinteoirí agus scoláirí ar an tslí ina bhfuil an foghlaim ag dul chun cinn agus a gcinntí faoi na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a dheimhniú. Bíonn an t-aiseolas a chuireann múinteoirí ar fáil dá scoláirí mar chuid ríthabhachtach den mheasúnú foirmitheach. Trí úsáid a bhaint as raon gníomhaíochtaí measúnaithe cuidíonn an múinteoir leis an scoláire an méid atá bainte amach mar aon leis na deiseanna don foghlaim agus don fhorbairt bhreise a aithint. Éilíonn a leithéid an t-athrú ó bheith ag díriú den chuid is mó ar bhreithmheasanna suimitheacha go dtí an ghafacht le gníomhaíochtaí leanúnacha ar féidir iad a úsáid chun tacú leis na chéad chéimeanna eile den foghlaim. Is leiriú í an bhéim ar mheasúnú foirmitheach sa tSraith Shóisearach ar an gcleachtas éifeachtach atá le feiceáil cheana in a lán seomraí ranga.

Chun eascú a dhéanamh ar an gcineál foghlama atá beartaithe thuas, tiocfaidh ról an mhúinteora agus an dinimic a bhaineann leis an gcaidreamh múinteoir is scoláire chun cinn. Leagfaidh múinteoirí béim bhreise ar an measúnú a chomhtháthú ina dteagasc ionas go mbeidh ar a gcumas monatóireacht níos fearr

a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí san foghlaim agus tuiscint a fháil ar an tslí inar féidir leo tacú le scoláirí chun machnamh agus anailís chriticiúil a dhéanamh ar a bhfoghlaim féin.

Measúnú Suimitheach: (CNCM - Gluais) Bíonn an measúnú suimitheach nuair a úsáidtear é chun foghlaim an scoláire a mheas ag deireadh an phróisis teagaisc nó na tréimhse foghlama. Is é is aidhm leis achoimre a thabhairt ar ghnóthachtálacha an scoláire agus fáil amach cibé ar léirigh an scoláire tuiscint maidir leis an bhfoghlaim sin trína cur i gcomparáid le critéir rathúlachta nó gnéithe cáilíochta comhaontaithe agus cé chomh mór is a léirigh sé an tuiscint sin.

Aonad Foghlama: Nascann aonad foghlama torthaí foghlama a leagann amach go soiléir cad ar chóir do scoláirí a bheith ar eolas acu, a thuiscint, agus a bheith ábalta a dhéanamh de thoradh gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc san aonad sin.

Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBna): Is é an cur síos is fearr ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe ná gur ócáidí iad nuair a mheasann an múinteoir na scoláirí ag úsáid tascanna ar leith a bhíonn leagtha amach i sonraíocht an ábhair. Tá cur síos soiléir ar na tascanna, agus ar na critéir mheasúnaithe chun cabhrú le breithiúnas an mhúinteora. Faightear na critéir sna gnéithe cáilíochta a bhíonn nasctha le gach Measúnú Rangbhunaithe. Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás Measúnú Rangbhunaithe déantar tuairim an mhúinteora a thairfead i gcomhair Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus úsáidtear í sa tuairisciú chuig tuismitheoirí agus chuig scoláirí.

Gnéithe Cáilíochta: Cabhraíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas múinteoirí agus scoláirí ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir a úsáidfidh múinteoirí chun na píosaí de shaothar scoláirí a mheas.

Cruinnithe don Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair: (An Chreat, Ich. 41-42). I gcruinnithe don Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanfaidh múinteoirí samplaí dá measúnuithe ar obair scoláirí a chomhroinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht na foghlama ag scoláirí

Beidh gach cruinniú don Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair dírithe ar ábhar ar leith agus díreofar ar an Measúnú Rangbhunaithe a bheidh déanta ag an mbliainghrúpa ar leith.

Tasc Measúnaithe (TM): Is tasc scríofa é an Tasc Measúnaithe a dhéanann scoláirí le linn am ranga, nach marcálann an múinteoir ranga, ach a sheoltar ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil. Is é an CNCM a shonraíonn an Tasc Measúnaithe agus baineann sé leis na torthaí foghlama a mbíonn an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe orthu

Fís a Fhíorú don Tuairisciú sa tSraith Shóisearach

An Ráiteas um Thuairisciú sa Chreat don tSraith Shóisearach


‘Tá sé i gceist go gcuirfidh tuairisciú na sraithe sóisearaí le forbairt phearsanta agus oideachasúil scoláirí, go dtacófar agus go gcuirfear bonn taca faoin bhfoghlaim agus faoin measúnú leanúnach, agus go mbeidh an tuairisciú inlámhsithe, inrochtana agus éifeachtach don scoil, don mhúinteoir, don scoláire agus don tuismitheoir/chaomhnóir.’

Creat don tSraith Shóis. 2015, lth.46

I dtaca leis an bhfís don tuairisciú faoi mar a leagtar amach í sa Chreat don tSraith Shóisearach, tóg nóiméad agus déan do mhachnamh ar an aistear go dtí seo i do scoil.

Cuir isteach do smaointe sa spás tugtha.

Cá bhfuil do scoil faoi láthair i dtaca leis an ráiteas um thuairisciú sa Chreat don tSraith Shóisearach a fhíorú?



Ceannaireacht Oideolaíoch - Tuiscint Chomhroinnte a Thógáil

Tugtar thíos sleachta ó ‘Leading Pedagogical Reform’ Christine Grice (2018). Léann gach ball sliocht agus ansin tógann sé nóiméad dó féin chun machnamh a dhéanamh ar an mír sin agus ar an méid a chuireann sí leis an tuiscint chomhroinnte den téarma ‘Ceannaireacht Oideolaíoch’. Scríobh síos do smaointe ar an mata boird a tugadh duit.

Sliocht 1

Is í an oideolaíocht comhfhreagracht agus comhchuspóir gach gníomhaí i scoil. De réir na tuairime sin, is é an sainmhíniú atá ar cheannaireacht oideolaíoch na daoine a bhíonn, ina gcáilíocht féin, ag treorú go hoideolaíoch. Ní rud céimlathach í an cineál sin ceannaireachta agus chuimseodh sé ceannaireacht mhúinteoirí, ceannaireacht láir agus ceannaireacht phríomhoide uile in éineacht. Seachas glacadh leis gur duine a bhfuil teideal aige ar nós an phríomhoide nó an lárcheannaire an t-aon duine atá freagrach as ceannaireacht oideolaíoch, cuirtear béim sa pháipéar seo ar an ról fíorthábhachtach a bhíonn ag múinteoirí mar cheannairí oideolaíocha, agus a bhíonn ag an gceannaireacht oideolaíoch mar chleachtas a dtarlaíonn foghlaim oideolaíoch dá bharr.

Téann ceannaireacht oideolaíoch chun tairbhe torthaí foghlama scoláirí agus trí chultúr foghlama scoile athraíonn sé iad ó bhonn. Cé gurb í an cheannaireacht an eochair chun torthaí a fheabhsú i scoileanna, is féidir le cultúr scoile srian a chur ar chumas ceannaireachta. Is ‘deartháir don sac an mála’ agus is mar a chéile iad an cultúr agus an cheannaireacht, is féidir leis an dá rud cleachtais a fheabhsú nó a shrianadh, ach níltear ar aon intinn faoin tionchar a bhíonn acu. Is iad cáilíocht na hoideolaíochta a thugann múinteoirí agus rannpháirtíocht scoláirí san fhoghlaim is fearr a shainíonn cé chomh rathúil agus a bhíonn ceannaireacht oideolaíoch. D’fhéadfadh torthaí acadúla agus iomlánaíocha araon a bheith i gceist leis sin.

Sliocht 2

Is rud casta í an cheannaireacht oideolaíoch sa tslí a gcleachtar, a ndáiltear agus a n-aithnítear í. D'fhéadfadh daoine difriúla a bheith i mbun na hoideolaíochta ag amanna difriúla, ag cuimsiú eolais, scileanna agus fealsúnacht churaclaim, eolas ar thaighde oideolaíoch, agus praitic. Sa taighde roimhe seo, i dtaca le ceannaireacht atá dáilte dáiríre i bpobail chleachtais, fiosraíodh an chaoi a roinntear an chuntasacht i measc múinteoirí, agus an tionchar dearfach a bhíonn aige sin ar thorthaí teagaisc agus foghlama. Ghlac roinnt príomhoidí ceannaireacht na hoideolaíochta orthu féin. Roinn cinn eile an ghníomhaíocht oideolaíoch ar na múinteoirí agus ar na lárcheannairí, agus nasc siad dá réir cultúr agus oideolaíocht scoile le torthaí foghlama scoláirí, foghlaim ghairmiúil múinteoirí agus treorú.

Nuair a bhíonn an oideolaíocht chun tosaigh, tugann ceannairí oideolaíocha daoine eile i dtreo leasaithe. Tá an cheannaireacht oideolaíoch ag brath ar an gceannaireacht roinnte le go mbeidh athrú ann, agus gan an fócas a bheith ar thréithe duine aonair. Faoi láthair is minic a dháiltear an cheannaireacht i scoileanna ar na lárcheannairí a bhíonn ar a ndícheall ag nascadh, ag míniú agus ag soiléiriú beartais agus cleachtais. Tá contúirt ann áfach, sa chineál sin céimlathais go bhfillfidh scoil ar na struchtúir mhaorlathacha. Cheapfadh duine, ag féachaint ar cheannaireacht dháilte mar sin, go raibh sí daonlathach, ach tugann sí údarás freisin do dhaoine áirithe tionchar a bheith acu ar chleachtais feabhsú scoile.

Sliocht 3

Le deireanas, tá an cheannaireacht i measc múinteoirí, ar nós na féinrialach, ag teacht chun cinn mar mhalairt ar cheannaireacht dháilte agus ar cheannaireacht oideolaíoch.

Is é an príomhoide a chruthaíonn agus a chothaíonn fíorcheannaireacht múinteoirí agus a ligeann do na múinteoirí foghlaim ghairmiúil chomhoibríoch a threorú in ábhair, comhspricanna a shocrú, curaclam a leasú agus a bheith mar ghníomhaithe a thionscnaíonn athrú ó bhonn.

Éascaíonn an treorú oideolaíoch an fhoghlaim ghairmiúil. Is é atá le maíomh as peirspictíocht teoiric ailtireachtaí cleachtais go ndéantar rannpháirtithe a 'ghríosú i gceann' cleachtas chun a gcuid smaointeoireachta a athdhéanamh. Fuair Day agus Armstrong amach nuair a chruthaíonn ceannairí oideolaíocha timpeallachtaí iontaofa foghlaim ghairmiúil inar féidir le múinteoirí triail a bhaint as cuir chuige éifeachtacha seomra ranga, go gcuirtear le féiniúlacht, féinspreagadh agus tiomantas múinteoirí agus, mar thoradh, go mbíonn tionchar aige ar chaidrimh múinteoirí le scoláirí agus le múinteoirí eile. Bíonn an cumas i scoil chun dul in oiriúint don athrú ag brath ar a cumas chun dul i gceann foghlaim leanúnach idir múinteoirí agus scoláirí.

Sliocht 4

Is í aidhm na ceannaireachta oideolaícha ná fíis roinnte, teanga roinnte agus cultúr foghlaim ghairmiúil roinnte a chruthú. Ní dhéanann oideolaíocht roinnte talamh slán de gur chóir do mhúinteoirí uile oideolaíocht ionainn amháin a leanúint, ach ina áit sin go dtuigeann siad fealsúnacht oideolaíoch a chéile laistigh de chuspóir foghlama lárnach comhroinnte agus go mbíonn meas acu uirthi. Seans go mbeadh easaontú agus dialóg ann dá bharr sin d'fhonn comhthuiscint dhomhain a chruthú ar an gcuraclam, idéolaíocht an churaclaim agus an oideolaíocht.

Is féidir le ceannaireacht oideolaíoch leasú a dhéanamh trí cheannaireacht oideolaíoch roinnte, agus iontaoibh, atá bunaithe ar chuspóir foghlama lárnach comhroinnte. In amanna áfach, cuireann ceannaireacht chéimlathach srian ar an leasú sin trí oideolaíochtaí ar an líne tháirgthe a chothú, nó dúshláin oideolaíocha a bhfuil an chuma orthu gur leasú iad, a chothaíonn eagla agus mímhúinín. Is sa seomra ranga a thosaítear ar leasú ar fud an chórais. Ach is minic nach dtarlaíonn athruithe i scoil de bharr leasú scoile ar an ábhar go ndéantar neamhaird ar na leasuithe, go mbaintear míbhri astu nó go ndéanann múinteoirí athleagan dóibh ar bhealaí difriúla.

Ag bhur mboird pléigí bhur dtorthaí ón mata boird agus cuirigí bhur dtrí phointe in ord tosaíochta i lár an mhata bhoird.

Breathnaigh ar an bhfíseán a rinne an CNCM ar cheannaireacht oideolaíoch a shamhaltú. Sa spás a thugtar, scríobh síos na príomhphointí a chuaigh i gcion ort.



Samhlaigh an chuid is fearr den **Tuairisciú Leanúnach** i do scoil i gceann cúig bliana.



Ócht dTreoirphrionsabail an Tuairiscithe Leanúnaigh a Fhiosrú



Déantar leathnú ar na treoirphrionsabail taobh thiar den tSraith Shóisearach ar **leathanaigh 5-8 i dTreoirlínte Tuairiscithe an CNCM 2018**. Ba chóir an doiciméad sin a úsáid mar acmhainn tacaíochta i gcomhair na ngníomhaíochtaí sa cheardlann seo.

| <i>Treoirphrionsabail</i> | <i>Cad é an éifeacht is dócha a bheidh ag an treoirphrionsabal seo ar an gcleachtas oideolaíoch?</i> | <i>Cén tionchar a bheidh aige sin ar fhorbairt phearsanta agus oideachasúil ár gcuid scoláirí?</i> |
|--|--|--|
| Teagmháil bharántúil le tuismitheoirí a spreagadh | | |
| Deiseanna machnaimh a thabhairt do scoláirí tríd an aiseolas | | |
| Meas a léiriú ar bhreithiúnas gairmiúil múinteoirí | | |
| Teanga na foghlama a úsáid | | |
| A bheith inbhainistithe agus gan ám a thógáil ón teagasc agus foghlaim | | |
| Foghlaim scoláirí a chur in iúil go soiléir | | |
| Eolas a sholáthar ar réimse leathan gnóthachtála | | |
| Cur chuige cuimsitheach a leanúint | | |

Cleachtas an tSeomra Ranga a Fhiosrú – Cén chuma a bheadh ar thuairisciú leanúnach rathúil sa seomra ranga?

Cás A: Tíreolaíocht

Tosaíonn In. Bairéad an rang tríd an topaic ‘Bolcáin’ a scríobh ar an gclár. Iarrann sí ar an rang cuimhneamh cén áit arbh fhéidir go bhfaca siad an focal sin cheana agus a gcuid tuairimí a roinnt ag úsáid menti.com. Bíonn comhrá ag an rang ansin ar an gcaoi a bhfuil a gcuid tuairimí idircheangailte. Tugann In. Bairéad cleachtadh don rang; míníonn sí go bhfuil siad chun sliocht a léamh agus gur mhaith léi iad go gcuirfeadh na scoláirí líne, le marcóir glas, faoi na focail nó an fhaisnéis a cheapann siad go dtuigeann siad, cinn nach dtuigeann siad le marcóir buí agus cinn ar mhaith leo níos mó a fhoghlaim fúthu le marcóir dearg. Siúlann In. Bairéad timpeall an tseomra ag breathnú ar an méid a bhíonn na scoláirí ag scríobh. Stadann sí anois is arís chun ceistanna a chuir ar na scoláirí.



Cuirtear grafaic ar an gclár de na trí dhath a úsáideadh sa chleachtadh agus iarrann In. Bairéad ar na scoláirí an méid a scríobh siad do gach dath a chur i láthair. Léann In. Bairéad síos tríd an méid a scríobhadh sa chéad ghráf agus fiafraíonn cén áit ar tháinig an rang ar na focail sin roimhe agus labhraíonn siad ar thopaic a rinneadh roimhe sin; Teicteonaic Phlátaí. Léann In. Bairéad trí na focail sa dara graf agus míníonn sí go mbaineann na focail seo uile le foirmiú bolcáin agus ar feadh cúpla ceacht ina dhiaidh seo go mbeidh siad ag foghlaim chun cur síos a dhéanamh ar fhoirmiú bolcáin.

Míníonn In. Bairéad chun cur síos a dhéanamh ar fhoirmiú bolcán, go mbeadh an rang ag tabhairt faoi ghníomhaíocht agus ag deireadh na gníomhaíochta go mbeadh siad ‘Ag cruthú píosa oibre a chuireann síos ar fhoirmiú bolcáin’. Cuireadh na scoláirí i mbeirteanna agus tugadh treoracha dóibh: gaireas a úsáid chun taighde a dhéanamh ar léaráid de bholcán, na focail a thógáil ó na boscaí buí agus dearga ar an gclár agus na sainmhínte agus a sainmhínte a lorg. Siúlann In. Bairéad thart ar an seomra ag tabhairt suntais céard atá á dhéanamh acu.

Tar éis don rang an t-eolas a roinnt, fiafraíonn In. Bairéad dóibh céard a cheapann siad a bheadh ag teastáil uathu i bpíosa oibre a chuireann síos ar fhoirmiú bolcáin. Smaoiníonn gach scoláire ar na rudaí ar chóir a chur san áireamh agus roinneann siad é sin leis an té atá lena dtaobh. Aontaíonn an rang ansin gur chóir go mbeadh na nithe seo a leanas ina dtasc: seicheamh nó ord atá uimhrithe, focail a mhíniú gach céim, íomhá a chur isteach atá lipéadaithe nó uimhrithe chun gach céim a léiriú. Fiafraíonn In. Bairéad de na scoláirí céard iad na bealaí ina bhféadfadh siad a gcuid oibre a dhéanamh chun na critéir ratha a chlúdach. Smaoiníonn na scoláirí faoi sin ina bpéirí agus úsáideann siad menti chun a gcuid smaointe a roinnt. Cuirtear na smaointe seo a leanas suas ar an gclár: samhail 3T a dhéanamh, na céimeanna a scríobh agus léaráid a tharraingt, Animoto a chruthú, ceoilín a dhéanamh agus líníocht a chur isteach, labhairt ar na céimeanna agus pictiúir a úsáid. Socraíonn Alex agus a chomrádaí ar láithreoireacht dhigiteach a dhéanamh ag úsáid Animoto agus é a neadú ina bpunann foghlama ar líne.

Sa chéad cheacht eile, cuireann In. Bairéad cóip de na critéir ar na gclár agus iarrann ar na péirí machnamh a dhéanamh ar a bpíosa críochnaithe, agus conas a mheasann siad ar éirigh leo ó thaobh na critéir a scríobhadh síos. Breathnaíonn In. Bairéad ar an obair a rinne Alex agus a phiara agus cuireann giotán cainte den aiseolas seo ó bhéal ina bpunann. “Rinne sibh cur síos an-réalaíoch ar chéimeanna an fhoirmithe. Chun feabhas a chur ar bhur gcuid oibre, ní mór daoibh na príomhthearmaí uile a chur isteach. Féachaigí siar agus déan seiceáil cé na cinn a d’fhág sibh ar lár”. Déann Alex an t-aiseolas a thaifead ina chóip ag úsáid an fhráma ‘Dhá Réalta agus Mian’.

Cláraíonn Alex a mhachnamh ina dhialann foghlama ag úsáid dhá nod – ‘Seo an rud ar éirigh go maith leis, dar liom...’ agus ‘B’fhearr arís é dá ...’ Scríobh Alex an méid seo a leanas ‘ Tuigim go raibh próiseas i gceist agus fuair mé na céimeanna mar is ceart agus bhí muid in ann iad a aithint ag úsáid léaráide. Bhí deis agam obair a dhéanamh le duine nua agus thaispeáin seisean dom an bealach chun gnéithe de Animoto a úsáid’. Don cheann ‘B’fhearr arís é dá ...’ scríobh Alex an méid seo: Caithfidh mé cuimhneamh ar na saintearmaí go léir a úsáid sa phróiseas sa chaoi is go mbeidh mo chur síos níos soiléire agus níos ábhartha’.

Cás B – OSSP

Ag tús an ranga, iarrann an tUas. de Grae ar na scoláirí i ngrúpaí de cheathrar a gcuid smaointe a chur i ngrafaic de néal focal i lár an bhoird agus an cheist a fhreagairt, ‘Cad a ritheann leo nuair a smaoiníonn siad ar riachtanais an duine?’ Iarrann an tUas. de Grae ar gach duine cairt KWL a tharraingt ina gcóipleabhar leis an lipéid ‘An méid ata a fhios agam cheana’, ‘An méid is mian liom a fháil amach’, ‘An méid atá foghlamtha agam’. Iarrann sé ar gach scoláire an chéad bhosca a úsáid chun a gcéad fhreagraí a thairfead ina n-aonar agus ansin a bhfreagra a aistriú anonn chuig an ngrafaic. Chun cabhrú leo ina gcuid smaointeoireachta, cuireann an tUas. de Grae i gcuimhne dóibh na comhráite a bhí acu sa rang roimhe seo an tseachtain seo caite. Cuireann an tUas de Grae an dara ceist orthu, ‘Cad a ritheann libh nuair a smaoiníonn sibh ar mhianta an duine?’ Iarrann sé ar an rang na céimeanna céanna a leanúint.

Iarrann an tUas. de Grae ar na grúpaí pictiúr a thógáil dá gcuid grafaicí ag úsáid gléasanna agus iad a uaslódáil ar Padlet. Roinneann sé na leathanaigh Padlet ar a scáileán féin ina dhá rannán, riachtanais agus mianta, agus iarrann ar na scoláirí léamh trí na néalta focal agus oibriú amach cad é a cheapann siad a mbeidh an fhoghlaim ag díriú air inniu. Tar éis roinnt plé, aontaíonn an rang go mbeidh siad ag foghlaim faoin difríocht idir riachtanais agus mianta an duine. Iarrann sé ar na scoláirí ceisteanna a scríobh síos a d’fhéadfadh a bheith acu ina thaobh sin sa bhosca láir ar a gcairt KWL. Siúlann an tUas. de Grae thart ar an seomra agus breathnaíonn sé ar a mbíonn na scoláirí a thairfead.

Tugann an tUas de Grae clúdaigh d’íomhánna amach do gach ceann de na grúpaí ceathrar agus iarrann ar gach ceann acu cén ceann a sheasann do riachtanas daonna agus cé acu a sheasann do mhianta daonna. Téann na scoláirí i gceann na hoibre. Deirtear leis an rang na trí riachtanas a phiocadh a cheapann siad nach bhféadfadh siad maireachtáil, iad a rangú i léaráid agus réasúnaíocht a thabhairt lena gcinneadh. Siúlann an tUas. de Grae thart ar an seomra agus breathnaíonn sé cad a bhíonn ar siúl ag gach grúpa. Uaireanta stopann sé chun fiafraí de scoláire aonair cén fáth a ndearna gach scoláire na cinntí a rinne siad.



Faoi dheireadh an ranga, tugann an tUas. de Grae tasc do gach scoláire. Iarrtar ar gach scoláire machnamh a dhéanamh ar a mbaile agus na cúig riachtanas agus mian is mó atá ag a dteaghlach a liostú. Ina dhiaidh sin iarrann siad ar thuismitheoir / ar chaomhnóir a rangú cé acu as an chéad chúigear a cheapann siadsan atá tábhachtach agus anailís a dhéanamh ar an gcomparáid. Roinnídh gach scoláire a gcuid anailíse ar mhodh físe. Deir an múinteoir go bhfuil roinnt bealaí acu ina bhféadfadh siad é sin a dhéanamh: trí líníocht, gearrthóga as irisleabhar / nuachtán, beochan nó físeán.

Dá dtasc, aontaíonn an rang go mbeidh na nithe seo a leanas ina gcuid oibre: pictiúr nó físeach de chúig riachtanas agus mhian phearsanta a bhaineann lena dteaghlach féin; rangú de na cinn is tábhachtaí den chúig rud, cúis inar chuir siad gach riachtanas / mian san ord áirithe sin.

Mr Grey gives out envelopes of images to each of the groups of four and asks each of the groups to decide which image signals a human need and which one signals a human want. The students engage in the activity. The class are instructed to pick the three needs that they feel they could not live without, rank them in a


diagram and to give a rationale for their decision. Mr Grey walks around the room and observes what each group does. At times he stops to ask individual students why each student thinks a certain way.

An chéad lá eile, cuireann duine de na scoláirí, Emma, póstaer i láthair a chruthaigh sí féin ag úsáid gearrthóga as iris. Tá físih aici de na chéad chúig riachtanas agus mhian atá aici ab thábhachtaí dá teaghlach ag úsáid dréimire rangaithe. Breathnaíonn an tUas. de Grae ar léaráid Emma agus tugann sé aiseolas ó bhéal di: An féidir leat smaoineamh ar bhealach chun do léaráid a dhéanamh níos sothuigte don léitheoir? (m.sh. lipéid a chur léi?)'. Cláraíonn an tUas. de Grae a thuairim ina dhialann múinteora. Scríobhann Emma an méid seo a leanas ina tríú hiontráil KWL – d'fhoghlaim mé an difríocht idir riachtanais agus mianta, tá mé ábalta smaoineamh cad iad na riachtanais agus na mianta is tábhachtaí i mo bhaile féin. Le bheith níos fearr tabharfaidh mé cúis scríofa á rá cén fáth a mbíonn riachtanais / mianta áirithe níos tábhachtaí ná a chéile.

Cás C – Béarla

Bhí In. Nic Gabhann ag spreagadh scoláirí le roinnt seachtainí anuas imeachtaí reatha a mbíonn suim acu iontu a thairfead ina ndialanna. Chaith In. Nic Gabhann roinnt ama ag léiriú conas eolas a chlárú agus conas foinsí difriúla a fháil. Chaith an grúpa am ag dul trí ailt ar chúrsaí reatha agus d'fhiosraigh siad conas claontacht a aithint nó ceistiú má bhí sonraí iontaofa nó inchreidte.


Bhí Eric, a bhfuil sainriachtanais foghlama aige, ag leanúint Fheachtas Uachtaránachta na hÉireann agus choinnigh sé taifid sheachtainiúla ina dhialann. Chun teacht ar na sonraí, chuardaigh sé trí nuachtáin, tuairiscí teilifíse, d'éist sé leis an raidió, le podchraoltaí agus léigh sé trí thras-scríbhinní d'agallaimh. Thar na seachtainí chuir In. Nic Gabhann i gcuimhne don rang gurbh é an measúnú deiridh dá gcuid oibre ná alt a thiomsú bunaithe ar an ócáid reatha a roghnaigh siad do lucht éisteachta ar leith.



Chun cabhrú leis an rang ina gcuid foghlama, roinn In. Nic Gabhann eiseamláir d'alt a scríobhadh i nuachtán inar clúdaíodh imeachtaí an Bhreathimeachta, San alt, d'aibhsigh sí don rang roinnt míreanna criticiúla trí fhianaise ar struchtúr maith teanga a anótáil, mar aon le húsáid teicnící áititheacha, feacht ar lucht léite, leanúnachas agus tuin an ailt. Chun na tréithe seo a dhéanamh soiléir chuir In. Nic Gabhann ceisteanna ar leith ar an rang cosúil le, 'Conas is féidir linn a bheith cinnte go bhfuil an t-údar ag úsáid eolas atá fíorasach?', 'Conas a mhíneofa na himeachtaí a aibhsíodh anseo i do chuid focal féin?', 'Cad a insíonn sé sin dúinn faoin mBreathimeacht?' agus 'Cén fáth a gcreideann tú go bhfuil an píosa scríbhneoireachta seo inchreidte?'. Tugadh am don rang smaoineamh ar a bhfreagra agus tugadh de rogha dóibh fréamhacha abairtí a úsáid chun teacht ar roinnt den fhianaise sa sliocht.

Tar éis an phlé, iarrann In. Nic Gabhann ar an rang a aontú 'Cén Chuma a Bhíonn ar Cheann Maith?' dá gcuid foghlama, sa chaoi is go n-aithneodh siad cén chuma a bhíonn ar ardchaighdeán in alt. D'aontaigh an rang gur chóir go bhfaighfí na nithe seo a leanas ina n-alt féin: sonraí fíorasacha faoin imeacht é féin a bheith ann; tuiscint a bheith ann ar an lucht léite a mbeadh sé dírithe orthu; an t-údar a bheith ag cur a thuairimí féin in iúl faoin imeacht; barúlacha a thabhairt cén fáth a mbíonn dearcadh áirithe ag an údar. Agus In. Nic Gabhann ag scríobh na gcrítéar seo síos, stopann sí le hiarraidh ar an scoláirí a dtuiscint a léiriú trí cheisteanna ar nós, 'An féidir leat sampla a thabhairt dom de shonraí fíorasacha a d'fhéadfadh linn a chur isteach?', 'An féidir leat teicnící a aithint a thabharfadh le fios go bhfuil tú feasach ar do lucht léite?', 'An féidir leat a mhíniú conas a chosnófa na tuairimí a bhíonn agat?'. Cruthaíonn an rang a n-alt féin ansin ag úsáid a gcuid dialanna.

Nuair a bhíonn na scoláirí críochnaithe lena gcuid alt, iarrann In. Nic Gabhann ar gach scoláire a gcuid crítéar a athbhreithniú chun tairfead a choimeád de na rudaí a chreideann siad ar éirigh leo iad a dhéanamh go maith. Tugann Eric a fhreagra i bhfoirm pointí urchair ag bun a ailt. Breathnaíonn In. Nic Gabhann ar a chuid obair scríofa agus ar a mhachnamh ina ndeir sé: 'Thairfid mé sonraí ag úsáid na 6 Cnna (Cé, Cad é, Cén uair,



Cén áit, Cén fáth, Conas). Thug mé mo bharúil ar an bhfeachtas don Uachtarán, ach níl mé cinnte an raibh a fhios agam cén lucht léite a bheadh agam'. Scríobh In. Nic Gabhann an méid seo a leanas i gcóipleabhar Eric: 'D'aimsigh tú gach cuid de na himeachtaí reatha. Chun feabhas a chur leo, déan cur síos níos mionsonraithe orthu (m.sh. aois gach iarrthóir agus a dtaithe roimhe seo) agus cuir i láthair iad in ord tábhachta (d'fhéadfá do thuairim phearsanta a chur isteach ansin). D'aithin tú gach tuairim a tugadh, agus chuir tú ainm agus post daoine leis sin. Chun é sin a fheabhsú, abair cén tábhachta atá leo i dtaca leis an imeacht (mínigh cén cúlra atá acu- léireoidh sé sin go bhfuil taighde eolasach déanta agat agus cuireann sé cuma níos inchreidte ar do pháosa féin). Rinne Eric athdhréacht ansin dá alt, agus aird ar leith á tabhairt agat do na réimsí a raibh feabhas le déanamh iontu.

Cás D – Eolaíocht

Thosaigh an múinteoir trí na ceistanna seo a leanas a chur: 'Cén cineál gairis ar mhaith leat a dhearadh agus fréamhshamhail a thógáil dó sa bhaile mhór seo?' agus 'Cén taithí atá agat roimhe seo a bheith ag dearadh agus ag tógáil gairis?'

Freagraíonn scoláirí trí mhachnamh go ciúin agus a gcuid smaointe a bhreacadh síos ar an gclár mór bán thart ar an gceist.


Scríobhann scoláirí ar a gcláir bhána aonair na gairis a thóg siad cheana in eolaíocht na bunscoile agus an gaireas ar mhaith leo a thógáil a chuirfeadh feabhas ar a gceantar áitiúil. Cruthaíonn an múinteoir agus na scoláirí na hintinní foghlama le chéile bunaithe ar eolas roimhe seo, taithí agus ábhair spéise.

Cuireann na scoláirí a gcuid smaointe le chéile agus cuireann ord tosaíochta orthu ar dhréimire rangaithe. Is é an ziplíne an rogha is fearr leis an gcuid is mó den rang. Comhchruthaíonn na scoláirí critéir chun a ziplíne a dhearadh agus a thógáil. Siúlann an múinteoir tríd an seomra agus cuidíonn sí le scoláirí sna grúpaí trí phromhadh, plé agus coincheapa nua a mhíniú de réir mar a thagann siad aníos chun a chinntiú go dtuigeann gach scoláire na critéir agus gur féidir leo iad a bhaint amach.

Déanann na scoláirí taighde ar fheidhm, struchtúr agus suíomhanna féideartha le haghaidh ziplíne don Pháirc Foraoise áitiúil. Tar éis roinnt ama, tosaíonn scoláirí ag dréachtú agus ag tógáil fréamhshamhail de ziplíne agus an múinteoir ag breathnú agus ag glacadh páirte sa plé. Ansin déanann siad féinmheasúnú ar a gcuid oibre ag úsáid a gcritéar ratha.

Cruthaíonn na scoláirí gníomh bunaithe ar a bhféinmheasúnú leath bealaigh tríd an rang. Ríomh na scoláirí fad agus am chun an luas a oibriú amach agus na haonaid chúí a bhaint amach. D'úsáid roinnt grúpaí méadar niútain ó bhosca oscailte ina raibh aonaid tomhais chun fórsa paisinéirí le mais dhifriúil a thomhas. Cuireann an múinteoir ceistanna agus éascaíonn sé plé i ngrúpaí beaga ag úsáid ceistanna, 'Cad é a tharlódh dá ..?' le gach foireann faoi mhais, meatáin leictreonacha, meáchan agus méadair niútain agus kg a athrú ina niútain. Úsáideann na scoláirí fréamhacha ceistanna oscailte óna bpunann foghlama, a bhfuil rochtain ar líne ag an múinteoir orthu, chun ceistanna a chur ar a chéile agus chun plé a spreagadh ina ngrúpa.

Spreagann an múinteoir na scoláirí le haiseolas ó bhéal a bhaineann leis an intinn foghlama agus lena gcuid critéar ratha agus a léiríonn cur chuige dearcadh fáis trí thógáil ar a gcuid láidreachtaí. Tá plean acu a



ziplíne a thástáil faoi choinníollacha fearthainne. Déanann gach grúpa féinmheasúnú agus cur i láthair ar a ziplíne, chun a rá céard ar éirigh go maith leis agus céard ar mhaith leo feabhas a chur ar ag úsáid a gcritéar ratha mar threoir. Iarrtar ar na scoláirí éisteacht go gníomhach agus na láithreoirreachtaí a chur i gcomparáid leis na critéir ratha a rinne gach grúpa a chomhchruthú don ziplíne s'acu.

Ní thugann an múinteoir d'aiseolas ach tráchtanna amháin ar na punanna foghlama ar líne ag úsáid dhá réalta agus mian. Is í an mhian an tasc atá le déanamh don obair bhaile agus iarrtar ar na scoláirí dul i gcomhairle lena dtuismitheoirí / gcaomhnóirí ar an gcaoi a ndíreodh siad aird ar a mian.


Cabhair a thabhairt do mhúinteoirí chun dul i ngleic le heispéireas foghlama gairmiúil na pleanáilcomhoibríche



Teanga ó Bhéal 8. Éisteacht go gníomhach d'fhonn brí a léirmhíniú, comparáid a dhéanamh, éifeacht a mheas agus freagra a thabhairt i ndáil le drámaíocht, filíocht, meánchraoltaí, meáin dhigiteacha, príomhsmaointe, stíl, ton, inneachar agus éifeacht ghinearálta a bhreacadh síos ar bhealach chórasach


Léitheoireacht 7. Príomhócáidí a roghnú óna dtéacsanna agus breithiúnais luachála mhachnamhacha a thabhairt ar an bpríomhcharachtar, príomhradharc, an íomhá is fearr leo ó scannán, dán, dráma, caibidil, imeacht meáin nó ríomh-mheáin.

Scríbhneoireacht 3. Scríobh ar son cuspóirí éagsúla, mar shampla chun anailísiú, meastóireacht, samhlú, fiosrú, a bheith páirteach, greann a dhéanamh, insint, cur ar an eolas, míniú, argóint a dhéanamh, áitiú, cáineadh, trácht ar ar chuala siad, a bhfaca siad agus ar léigh siad.





| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA | RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA |
|--|---|--|
| I gcomhar lena chéile forbraíonn na múinteoirí agus cuireann siad i bhfeidhm cleachtais measúnaithe fhoirmitheacha agus shuimitheacha atá comhsheasmhach agus iontaofa | Pléann na múinteoirí leis an measúnú mar iarracht chomhoibríoch chun tacú le foghlaim na scoláirí agus chun a ngnóthachtáil a thomhas. | Pléann na múinteoirí leis an measúnú mar iarracht chomhoibríoch chun tacú le foghlaim na scoláirí agus chun a ngnóthachtáil a thomhas. |
| | Tá polasaí scoile uile um measúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá iomchuí don churaclam agus dá scoláirí. Áiríonn an polasaí seo cleachtais um measúnú foirmitheach agus suimitheach. Cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é. | Tá polasaí scoile uile um measúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá iomchuí don churaclam agus dá scoláirí. Áiríonn an polasaí cleachtais um measúnú foirmitheach agus suimitheach. Cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é agus déantar athbhreithniú air i gcomhar lena chéile. |
| | Tá cur chuige scoile uile forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile i dtaca le haiseolas ó bhéil agus aiseolas scríofa a sholáthar do na scoláirí. Cuirtear an cur chuige seo i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus áiríonn sé an comhathbhreithniú ar obair na scoláirí. | Tá cur chuige scoile uile forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile i dtaca le haiseolas ó bhéil agus aiseolas scríofa a sholáthar do na scoláirí. Cuirtear an cur chuige seo i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus tá sé bunaithe ar an gcomhathbhreithniú ar obair na scoláirí. |
| | Tá taifid ar mheasúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirthuisint agus roinnt. Tugann na taifid seo pictiúr cuimsitheach de na gnóthachtálacha agus na riachtanais atá ag gach scoláire. | Tá taifid ar mheasúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirthuisint agus roinnt. Tugann na taifid seo pictiúr cuimsitheach de na gnóthachtálacha agus na riachtanais atá ag gach scoláire agus tógтар orthu de réir a chéile de réir mar a ghluaiseann an scoláire tríd an scoil. |



Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016 – Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna

Cá bhfuil do scoile anois i dtaca le cleachtais teagaisc, foghlama, mheasúnaithe agus tuairiscithe?

An bhfeictear do do chuid múinteoirí gur iarracht chomhoibríoch é an measúnú?

An bhfuil gnásanna comhaontaithe agaibh ar chur chuige don scoil uile i leith an mheasúnaithe?

Breacbhosca

An bhfuil gnásanna comhaontaithe agaibh ar aiseolas leanúnach a thabhairt do scoláirí?

Féilire Measúnaithe i gCóras na Sraithe Sóisearaí 2018 / 19

| Ábhair | D.F. | Samh. | Noll. | Ean. | Fea. | Márta | Aib. | Bea. | Mei. |
|-------------------------|----------------------|-----------------|----------------------|--------------------|------|----------------------|---------------------------|------|------|
| Béarla | Bailiú na dTéacsanna | | AT | | | | Cumarsáid ó Bhéal | | CSS |
| Gnó | | Láithreoireacht | | AT | | Gnó á Chur i nGníomh | | | CSS |
| Eolaíocht | | | Eolaíocht sa tSochaí | | AT | | Imscrúdú Eolaíochta Sínte | | CSS |
| Amharc-Ealaín | | | | Próiseas Fíoraithe | | | | | |
| Nua Theangacha lasachta | | | | | | | Cumarsáid ó Bhéal | | |

Scoláirí 3ú Bliain



Scoláirí 2ú Bliain



Na heispéiris Cheannaireachta atá againn a Roinnt

Déan machnamh ar do scoil féin agus smaoinigh ar uair nuair a spreag tú foghlaim ghairmiúil múinteoirí chun athrú a chur i gcrích.



| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA |
|--|--|
| Cuireann siad cultúr d'fheabhsú, comhoibriú, nuálaíocht agus cruthaitheacht san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú chun cinn | <p>Oibríonn an príomhoide agus na ceannairí eile sa scoil chun cultúr foghlama a chur chun cinn. Bíonn ionchais arda acu i gcoitinne do na scoláirí agus treoraíonn siad an fhoireann a dícheall a dhéanamh le torthaí feabhsaithe a bhaint amach. Tacaíonn siad le cleachtas athmhachnamhach agus cuireann siad cultúr feabhsúcháin chun cinn.</p> <p>Baineann an príomhoide, in éineacht leo siúd atá i gceannas ar an bpróiseas, úsáid as an bhFéinmheastóireacht Scoile chun teagasc a spreagadh atá mealltach agus dúshlánach, agus chun spéis na scoláirí san fhoghlaim a mhéadú.</p> <p>Spreagann an príomhoide agus na ceannairí eile sa scoil na múinteoirí chun a gcleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe a fhorbairt, agus chun a gcleachtas a roinnt.</p> <p>Cothaíonn siad an nuálaíocht agus cruthaitheacht. Aithníonn siad an luach atá ar ionchuir agus gnóthachtálacha an duine aonair agus comhchoiteanna.</p> |

Conas a spreag tú múinteoirí chun a gcuid cleachtais teagaisc, foghlama, mheasúnaithe agus tuairiscithe a fhorbairt?

Conas a mheall tú iad chun a gcleachtas a roinnt ar a chéile?

Aistear Scoil Amháin chun Athrú Oideolaíochta



Cá bhfeiceann tusa coincheap na ceannaireachta oideolaíochta á léiriú i scéal na scoile seo?

Breathnaigh ar an bhfíseán trí shúile na ceannaireachta oideolaíochta.

Cuimhnigh ar na torthaí a fuarthas ar an smeachchairt níos luaithe inniu.

Seiceáil Isteach ar an bpróiseas – Cás Choláiste Chnoc an Chaisleáin



| | |
|---|--|
| Céard a rinne an scoil seo go maith ina bpróiseas athbhreithnithe ar a gcleachtas mheasúnaithe agus tuairiscithe? | |
| Céard a d'fhéadfadh an scoil seo a dhéanamh lena bpróiseas a fheabhsú? | |

Ag smaoineamh ar do scoil féin



Cuimhnigh ar an bhfís a leag tú amach le haghaidh tuairisciú leanúnach i seisiún a haon.

Smaoinigh ar na chéad chéimeanna eile a d'fhéadfá a ghlacadh agus próiseas athrú oideolaíochta a stiúradh agat chun an fhís sin a fhíorú?

Conas a d'fhéadfadh bainistíocht scoile cur le foghlaim ghairmiúil múinteoirí chun cabhrú leis an bhfís sin a fhíorú?

Cad iad na córais agus na struchtúir atá sa scoil cheana, a chabhródh níos mó le foghlaim ghairmiúil múinteoirí chun an fhís sin a fhíorú?

Intinní Foghlama an Lae

- Coincheap na ceannaireachta oideolaíochta a fhorbairt mar chatalaíoch chun athraithe i dtuairisciú leanúnach i do scoil
- Machnamh ar an **éifeacht** agus ar an **tionchar** atá ag Treoirphrionsabail an Tuairiscithe Leanúnaigh ar chúrsaí teagasc agus foghlama.
- Na **hidircheangail** a aithint sa chaoi a gcabhraíonn treoirphrionsabail an tuairiscithe le teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú éifeachtach

- Fiosrú conas a chabhraíonn **cleachtas comhoibríoch éifeachtach** le foghlaim ghairmiúil agus conas a fhorbraíonn sé í
- Meabhrú ar chuir chuige éagsúla i leith **próiseas a stiúradh** chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú.

Notai

Príomhshuíomhanna Idirlín a dTagraítear dóibh sa Cheardlann



www.jct.ie is é seo suíomh idirlín baile na seirbhíse tacaíochta den tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí. Ar an leathanach lamairne do gach réimse ábhair, gheobhaidh tú tileanna éagsúla le tacaí leanúnacha do mhúinteoirí atá difriúil agus atá sainiúil don ábhar. Sa rannán Ceannaireachta, tiocfaidh tú ar chur i láthair an lae inniu agus ábhar tacaíochta chun cabhrú le bheith ag plé le tuismitheoirí maidir le leasú na Sraithe

Ar shuíomh idirlín an CNCM www.curriculumonline.ie gheobhaidh tú na *sonraíochtaí nua ábhar, Treoirlínte Measúnaithe* agus *samplaí anótáilte de shaothar scoláirí*.

Ar shuíomh idirlín an CNCM www.ncca.ie/en/junior-cycle tiocfaidh tú ar na *hUirlisí Úsáide Measúnaithe* don tSraith Shóisearach. San fhoireann uirlisí seo tá réimse de thacaí, comhairle agus treoirlínte measúnaithe a chuirfidh ar chumas scoileanna agus múinteoirí déileáil le gach gné den chóras measúnaithe (AFMÁnna ina measc) ar shlí eolasach, le muinín agus le tuiscint.

Sonraí Teagmhála

Oifig Riaracháin:
Ionad Oideachais Mhuineacháin.
Bóthar Ard Mhacha,
Muineachán.
www.metc.ie

Oifig an Stiúirthóra:
LMETB,
Sráid an tSéipéil,
Dún Dealgan,
Co Lú.

www.jct.ie
www.jctregistration.ie

www.ncca.ie
www.schoolself-evaluation.ie

Lean muid ar Twitter  @JCforTeachers

Má bhíonn aon cheist agat, déan teagmháil le: info@jct.ie